



Ráiteas um Chumhdach Leanáí

1. Ainm na Seirbhíse atá á Cur ar Fáil:

Is í Comhairle Chill Chainnigh an t-údarás atá freagrach as an rialtas áitiúil i gcathair agus contae Chill Chainnigh.

2. Cineál na Seirbhíse

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh freagrach as réimse seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine atá ina gcónaí i gCill Chainnigh agus do chuairoteoirí a thagann ann, lena n-áirítear seirbhísí tithíochta agus pobail; seirbhísí bóithre agus iompair; seirbhísí pleanála agus forbartha uirbí; seirbhísí dóiteáin; seirbhísí leabharlainne; páirceanna agus clóis súgartha; bonneagar pobail; seirbhísí comhshaoil; agus fiontraíocht.

3. Prionsabail chun leanáí a chosaint ó bhaol

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta do chur chuige leanbhlaraithe a chur i bhfeidhm in obair ar bith a dhéanaimid le leanáí agus ár seirbhísí agus gníomhaíochtaí á gcur ar fáil. Tá dualgas agus freagracht chorparáideach fhoriomlán ar an Údarás Áitiúil na leanáí a úsáideann Seirbhísí agus Gníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil a chosaint.

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh tiomanta do na nithe seo a leanas:

- Leas ginearálta, forbairt sláinte agus sábháilteacht leanáí a chur chun cinn;
- A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta bainistíochta sábháilte i bhfeidhm le haghaidh ball foirne agus oibríthe deonacha uile, lena n-áirítear nósanna imeachta láidre um earcaíocht, roghnúchán, maoirseacht agus tacaíocht curtha i bhfeidhm;
- Treoir agus nósanna imeachta a fhorbairt lena n-úsáid ag baill foirne agus oibríthe deonacha a bhfuil forais réasúnta imní acu lena cheapadh go bhféadfadh go bhfuil mí-úsáid nó faillí ar siúl i gcás linbh a úsáideann seirbhísí nó gníomhaíochtaí an Údaráis Áitiúil;
- A chinntiú go gceaptar Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chumhdach Leanáí agus go bhfuil an duine sin inrochtana;
- A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Áitiúil chun deileáil le líomhaintí i gcoinne fostaí /oibrí dheonaigh;
- Feasacht a chothú san eagraíocht maidir le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shábháilteacht/leas leanáí;
- Nósanna imeachta a fhorbairt chun freagairt do thionóiscí agus gearáin;
- Nósanna imeachta soiléire a fhorbairt agus a choinneáil ar siúl i ndáil le taifid a choinneáil;
- A chinntiú go bhfuil Cód Iompair i bhfeidhm chun treoir shoiléir a sholáthar d'fhostaithe agus oibríthe deonacha maidir le conas caitheamh le leanáí agus daoine óga san eagraíocht;

- Polasaí um chomhoibriú idirghníomhaireachta a fhorbairt le Tusla agus gníomhaireachtaí eile a oibríonn chun leanaí a chosaint.

Mar chuid de chur chuige leanbhlaraithe Chomhairle Contae Chill Chainnigh

- Caithfear go cothrom le leanaí uile
- Éisteofar le leanaí agus léireofar meas orthu
- Tabharfar rannpháirtíocht do leanaí, de réir mar is cuí
- Tabharfar spreagadh, tacaíocht agus moladh do leanaí (*beidh beann ar clumas*)
- Bain leas as teanga iomchuí (*idir theanga labhartha agus chomharthaíocht choirp*)
- Bí spráúil leo agus déan atmaisféar dearfach a chothú
- Má tá cáineadh le déanamh, déan ar bhealach dearfach é
- Caith le gach uile leanbh mar dhuine aonair
- Léirigh meas ar spás pearsanta an linbh
- Bain leas as áiseanna teagaisc atá oiriúnach d'aois an linbh
- Léirigh dea-shampla
- Bí aireach ar theorainneacha ama na leanaí, e.g. scoil / scrúduithe, agus gníomhaíochtaí á sceidealú
- Cothaigh atmaisféar iontaobhais
- Bí ar an eolas faoin Acht um Stádas Comhionann, 2000-2010, a bhaineann le hidirdhealú bunaithe ar na naoi bhforas seo a leanas:
 - Inscne
 - Stádas Sibhialta
 - Stádas Teaghlaigh
 - Aois
 - Cine
 - Reiligiún
 - Míchumas
 - Claonadh Gnéis, nó
 - Gur den Lucht Siúil an duine/na daoine i gceist.

Ná úsáid faisnéis an linbh ach amháin chun na críocha ar tugadh í, faoi réir aon inmí atá ann faoi chosaint leanaí.

4. Measúnú Riosca

Táimid tar éis measúnú a dhéanamh maidir le díobháil ar bith a d'fhéadfadh tarlú do leanbh agus é/í ag baint leas as ár seirbhísí. Tá liosta de na réimsí sin arna sainathint agus na nósanna imeachta arna leagan amach chun deileáil leo ar fáil ach é a iarraidh ón Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanáí, Chomhairle Contae Chill Chainnigh, Halla an Chontae, Faiche Eoin, Cill Chainnigh.

(Is ceanglas riachtanach é go ndéanfar measúnú ar rioscaí de réir threoirlínte Tusla - Tús Áite do Leanáí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanáí (2017).)

5. Nósanna Imeachta

Forbraítear ár Ráiteas um Chumhdach Leanáí i gcomhréir le ceanglas an Achta um Chumhdach Leanáí 2015; *Tús Áite do Leanáí: Treoir Náisiúnta do Chosaint agus Leas Leanáí (2017)*; agus Treoir Tusla, *Cumhdach Leanáí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas. Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas*. Chomh maith leis na nósanna imeachta arna liostáil inár measúnú ar riosca, tugann na nósanna

imeachta seo a leanas tacaíocht dár rún leanaí a chosaint agus iad i mbun ár seirbhísí a úsáid.

Áirítear na nithe seo a leanas i bPolasaí agus Nós Imeachta Chomhairle Contae Chill Chainnigh um Chumhdach Leanaí:

- Nós imeachta maidir le bainistiú a dhéanamh ar líomhaintí a dhéanann leanbh a úsáideann ár seirbhísí i leith oibríthe / oibríthe deonacha;
- Nós imeachta maidir le hearcaíocht agus roghnúchán sábháilte oibríthe agus oibríthe deonacha chun dul ag obair le leanaí;
- Nós imeachta maidir le hoiliúint agus eolas um chumhdach leanaí a sholáthar agus a bheith ar fáil, lena n-áirítear conas díobháil a shainaithint má tá a leithéid ar siúl;
- Nós imeachta maidir le himní faoi chumhdach nó leas leanaí a thuairisciú do Tusla;
- Nós imeachta chun liosta a choinneáil sa tseirbhís ábhartha de dhaoine (más ann dóibh) atá faoi shainordú;
- Nós imeachta chun duine ábhartha a cheapadh.

Tá na nósanna imeachta thuasluaite ar fad ar fáil ar iarraidh.

6. Imní a Thuairisciú

Is féidir le duine ar bith imní faoi leanbh a thuairisciú. Má tá imní ar bith ort faoi leanbh, ba cheart é a thuairisciú do Tusla. Is féidir tuairisciú a dhéanamh i bpearsa, ar an teileafón nó i scríbhinn. Ball ar bith den phobal a bhfuil imní air/uirthi faoi leanbh, is féidir leo teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann oibre sóisialta ar dualgas de chuid Tusla sa cheantar ina bhfuil an leanbh ag cur fúthu chun comhairle a fháil maidir leis an imní a thuairisciú.

I gcás éigeandála, má cheaptar go bhfuil leanbh i mbaol láithreach agus nach féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla, ba cheart teagmháil a dhéanamh leis [an nGarda Síochána](#).

Má tá leanbh i ndainséar lasmuigh d'uaireanta oifige, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an nGarda Síochána.


7. Cur Chun Feidhme

Tuigimid gur próiseas leanúnach é cur chun feidhme an ráitis seo. Tá ár tseirbhís tiomanta do chur chun feidhme an Ráitis seo um Chumhdach Leanaí agus na nósanna imeachta a thacaíonn lenár rún leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil agus iad i mbun ár seirbhísí a úsáid.

Déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas seo um Chumhdach Leanaí ar nó roimh an **31 Nollaig 2021** nó a luaithe is indéanta tar éis d'athrú ábhartha teacht ar ábhar ar bith dá dtagraítear sa ráiteas seo.

Má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait maidir le Polasaithe agus Nósanna Imeachta an Údaráis Áitiúla, déan teagmháil le: Anne Maria Walsh, Teagmhálaí Tacaíochta, Seirbhísí Corparáideacha. Ríomhphost: annemaria.walsh@kilkennycoco.ie nó 056 7794070

Síniú:



Colette Byrne
Príomhfheidhmeannach
5 Samhain 2019